

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile

TUAIRISC

Gaelscoil Donncha Rua
Bóthar Linne, Sionna, Co. An Chláir
Uimhir rolla: 19849U

Dáta na cigireachta: 1 Bealtaine 2014



AN ROINN DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS EDUCATION
AGUS SCILEANNA AND SKILLS

1. Réamhrá

Scoil Chaitliceach, chomhoideachais lán-Ghaeilge atá faoi phátrúnacht Easpag Chill Dá Lua í Gaelscoil Donncha Rua. Ag am na meastóireachta bhí 78 dalta ar rollaí na scoile, leibhéal rollaithe a léiríonn titim bheag le blianta beaga anuas. Triúr oide ranga príomhshrutha atá ar an bhfoireann. Tá oide acmhainne agus oide tacaíocht foghlama ann chomh maith agus tá siad siúd roinnte le scoileanna eile sa cheantar máguaird. Sa tuairisc mheastóireachta is deireanaí, a foilsíodh i 2007, cuireadh síos ar thinreamh na ndaltaí mar lag. Níor cuireadh bearta i gcrích chun dul i ngleic le seo. Moltar dá bhrí sin straitéis tinrimh a chumadh agus a chur i bhfeidhm gan tuilleadh moille.

Dhírigh an mheastóireacht seo ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sna hAmharcealaíona. Bhí an príomhoide as láthair gan choinne ó thús na meastóireachta. Chuaigh an neamhláithreachta seo, in éineacht le heaspa taifead áirithe, doiciméid pholasaí agus miontuairiscí an bhoird ina measc, i bhfeidhm ar an mbunús fianaise a bhí ar fáil don fhoireann mheastóireachta.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Sonraíodh atmaisféar taitneamhach foghlama sa scoil.
- Léiríonn na hoidí inniúlacht agus dearcadh dearfach i leith na teanga Gaeilge.
- Tá an bord bainistíochta, na hoidí agus na tuismitheoirí tiomanta d'fhorbairt na scoile agus do chaighdeán maith oideachais a chur ar fáil do na daltaí.
- Tá dúil láidir san oiliúint ghairmiúil leanúnach i measc na n-oidí.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Ba chóir don bhord bainistíochta dul i ngleic láithreach leis na heasnaimh a bhaineann le ceannasaíocht sa scoil, le bainistíocht na scoile ó lá go lá agus le feidhmiú an bhoird.
- Ba chóir plean straitéiseach a chumadh agus a chur i bhfeidhm a chuirfeadh ar chumas na scoile a soláthair oideachais a fhorbairt go leibhéal sasúil.
- Mar ábhar práinne, ba chóir don bhord díriú ar easnaimh i gcomhlíonadh a oibleagáidí i dtaobh *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile* (2011).
- Tá gá le hatheagrú a dhéanamh ar an tsoláthar a dhéantar do dhaltaí le riachtanais fhoghlama.
- Ba chóir, ar bhonn práinne, cuir chuige measúnaithe scoile uile a fhorbairt agus aontú.
- Tá sé den riachtanas go ndéanfar nósanna éifeachtacha pleanála agus féinmheastóireachta a leabú i gcleachtas na scoile.

- Ní mór d'oidí ranga leas a bhaint as réimse níos leithne de mhodheolaíochtaí tarraingteacha chun tacú leis an dteagasc agus leis an bhfoghlaim.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Moltar an bord bainistíochta as an raon maith acmhainní teagaisc agus foghlama atá curtha ar fáil aige. Coinnítear na foirgnimh agus clós na scoile go glan néata. Cuireadh in iúl, ag an réamhchomhdháil, go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta ag an mbord chun stádas dlíthiúil láithreán na scoile á thabhairt chun rialtacha. Tá an bord ag feidhmiú go maith sna réimsí seo.
- Sa mheastóireacht ar chomhdhéanamh agus ar fheidhmiú an bhoird, tugadh fianaise faoi deara go raibh laigí suntasacha ann maidir lena fheidhmeanna reachtúla. I dtaca leis na moltaí a d'eascair ón dtuairisc 2007, is léir nach raibh an bord réamhghníomhach ag tabhairt aghaidh orthu nó i maoirsiú a gcur i bhfeidhm. Tá sé lán-riachtanach go lorgeodh an bord traenáil agus tacaíocht go práinneach chun tabhairt faoi na heasnamh a bhaineann le ceannasaíocht sa scoil, cúrsaí reachtúla agus rialála nach bhfuil réitithe, forbairt riachtanach pholasaí agus dualgais bhoird i leith na féinmheastóireachta. I 2014, don chéad uair, ullmháodh cuntais dheimhnithe. Baineann siad seo leis na blianta 2008 – 13 (an dá bhliain san áireamh). De réir riachtanais an Achta Oideachais (1998), ba chóir deimhniú a lorg go bliantúil.
- Is léir go bhfuil meas ag pobal na scoile i gcoitinne ar an bpríomhoide mar dhuine atá fáilteach do chuirteoirí, cineálta leis na daltaí agus omósach dá chomhghleacaithe. In ainneoin a iarrachtaí áfach, tá sé soiléir go bhfuil deacrachtaí suntasacha aige maidir le gnáth bhainistíocht laethúil na scoile agus ceannasaíocht ar chúrsaí teagaisc, foghlama agus pleanála. Moltar don bhord tabhairt faoi na ceistanna tromchúiseacha a bhaineann le cur i bhfeidhm an róil atá ag an bpríomhoide.
- Soláthraíonn an leas príomhoide seirbhís tiomanta don scoil. Le linn na meastóireachta ghlac sí le ról an phríomhoide ghníomhaigh agus chomhlíon sí an ról sin go héifeachtach ag an am sin. Glacann oide nach bhfuil post freagrachta aici cúram uirthi féin as líon suntasach dualgas breise agus moltar an tiomantas deonach seo. B'fhiú athbhreithniú rialta a chur ar bun chun go gcuirfí na dualgais i gcomhréim leis na tosaíochtaí a bheadh aitheanta sa phróiseas féinmheastóireachta.
- Ag am na meastóireachta bhí an oide tacaíochta foghlama imlonnaithe go míchuí i bpáirt mar oide príomhshrutha, ar feadh achar suntasach ama gach lá. Laghdaíonn socrú mar seo an tacaíocht a bhíonn le fáil do dhaltaí le riachtanais speisialta foghlama. Moltar don scoil cloí le Ciorclán 02/05 maidir leis seo.
- Múintear ranganna agus reáchtáiltear gníomhaíochtaí eile na scoile i bhfoirgnimh scoite réamhdhéanta, cóiríocht nach bhfuil fairsing go leor ná feiliúnach ar an iomlán d'obair na scoile. Ba chóir don bhord na bearta atá le fáil dóibh a dhéanamh chun dul i ngleic leis an ní seo. Úsáidtear Ionad Fóillíochta na Sionna, atá taobh leis an scoil, don snámh agus do ranganna corpoideachais. Cé go bhfuil soláthair maith d'áiseanna teagaisc agus foghlama le fáil, b'fhiú cur leis na hacmhainní do theicneolaíocht an eolais. B'fhiú chomh maith breis leabhair léitheoireachta Ghaeilge idir fhicsean agus neamhfhicsean a chur ar fáil.
- Tá sé le sonrú go bhfuil gá le forbairt sa chumarsáid idir an scoil agus an baile. De réir torthaí na gceistneoirí, chuir líon ard tuismitheoirí in iúl nach dtugtar dóthain eolais dóibh faoi ghnéithe tábhachtacha de shaol na scoile, macasamhail an polasaí frithbhulaíochta,

mar shampla. Níl coiste tuismitheoirí ag an scoil. Ba cheart don bhord lán tacaíocht a thabhairt coiste a bhunú más é sin toil fhoirmhór na dtuismitheoirí. Comhairlítear go n-eiseofaí tuairisc aontaithe do phobal na scoile tar éis gach cruinniú den bhord. Cé go bhfuil tromlach na n-oidí cúramach faoi eisiúint tuairiscí i scríbhinn ag deireadh na scoilbhliana ní léir go ndéantar do gach dalta é. Lena chois sin, níl na tuairiscí eisthe go hiomlán de réir fhorálacha an Chiorcláin 56/2011.

- Tugadh faoi deara go raibh cáilíocht bhainistíocht na ndaltaí an-mhaith i suíomhanna áirithe agus le forbairt i suíomhanna eile. Léiríonn torthaí cheistneoirí na ndaltaí cúiseanna áirithe inní, maidir le sábháilteacht sa chlós agus iompar a gcomhpháirtithe sa seomra ranga, mar shampla. B'fhiú don scoil torthaí cheistneoirí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí araon a iniúchadh, chun a chinntiú céard iad na teachtaireactaí is suntasaí a eascraíonn uathu.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá cáilíocht an phróisis pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile lag. Cuireadh méid an-bheag cáipéisí pleanála ar fáil agus is beag fianaise atá ann go bhfuil nósanna éifeachtacha pleanála ar bhonn scoil uile leabaithe in obair na scoile. B'fhiú cabhair agus tuilleadh traenála a fháil ó na seirbhísí tacaíochta conas tabhairt faoi phleanáil ghnímh go háirithe agus an obair sin a chomhtháthú leis an bhféinmheastóireacht. Is den riachtanas é chomh maith go gcuirfí i bhfeidhm próiseas comhairliúcháin i measc na bpáirtithe leasmhara chun tosaíochtaí a leagan amach i bplean straitéiseach feabhasúcháin.
- Chonacthas dea-chleachtas áirithe i gcáilíocht na pleanála ranga agus tá iarrachtaí inmholta curtha i bhfeidhm le déanaí chun pleanáil agus taifead ar an dul chun cinn a fheabhsú. In ainneoin sin tá laigí suntasacha i gcleachtais phleanála. Ina measc siúd tá easpa iomlán pleanála cuí i suíomh amháin agus ní léir go bhfuil cuntais mhíosúla á bhailiú agus á gcoinneáil go lárnach. Ag an bpointe seo, ba chóir do na hoidí tógáil ar an obair atá déanta, díriú go háirithe ar spriocanna foghlama a aithint agus foráil cheart a dhéanamh do dhifreálú agus do mheasúnú.
- Níor thug údarais na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*. Moltar tabhairt faoi na heasnaimh seo gan mhoill.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá cáilíocht an teagaisc na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí le forbairt ar an iomlán cé go bhfacthas cleachtas a bhí ar ard chaighdeán. Ait a raibh cleachtas éifeachtach le sonrú chonacthas rannpháirtíocht na ndaltaí curtha i gcrích trí mhodhanna tarraingteacha a úsáid. Baintear úsáid thorthúil as cuir chuige fearacht *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, cluichí teanga taitneamhacha, obair chomhoibritheach agus fearas spreagúil teagaisc. B'fhiú do na hoidí teacht ar chomhthuisicint scoile faoi na modhanna nuaimseartha is éifeachtaí agus is tarraingtí a bheadh oiriúnach do chur chun cinn níos fearr na foghlama. Maidir leis seo ba chóir leas níos torthúla a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC).
- I gcomhthéacs an mheasúnaithe leanúnaigh agus an tábhacht a bhaineann leis don teagasc agus don fhoghlaim, moltar polasaí don mheasúnú a aontú gan mhoill. Chun an obair seo a fhorchéimniú is féidir tógáil ar an dea-chleachtas atá ann cheana féin i suíomhanna áirithe, dála seicliostaí, proifíilí, trialacha rialta agus monatóireacht chúramach

ar obair na ndaltaí. Bhí torthaí na dtrialacha caighdeánacha le fáil don Ghaeilge, don Bhéarla agus don Mhatamaitic, do ranganna áirithe amháin. Caithfear cur chuige scoil uile a ghlacadh sa tástail de réir Chiorcláin 56/2011 agus an dea-chleachtas.

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge le forbairt. Ar an iomlán, níl an Ghaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide ag na daltaí i bhformhór na seomraí ranga agus sa chlós, agus is beag dul chun cinn atá déanta chun an sprioc seo a aimsiú. Tá caighdeán cuibheasach maith sroichte ag mionlach daltaí sa léitheoireacht. Sna meán ranganna, tá saothar luachmhar bainte amach i bhforbairt scileanna scríbhneoireachta pearsanta na ndaltaí agus ba chóir leanúint ar aghaidh leis an obair seo de réir mar a théann na daltaí ó rang go rang sa scoil. Breathnaíodh dea-chleachtas ina raibh an teagasc beoga, gníomhach, comhtháite agus dírithe go héifeachtach ar scileanna cumarsáide. Bhí amhráin agus dánta mar dhlúthchuid den obair seo. Tá na hoidí an-dearfach i leith na Gaeilge agus tugann siad dea-shampla do na daltaí sa tslí ina n-úsáideann siad féin an teanga.
- The quality of teaching, learning and pupil achievement in English is good overall with scope for development in some areas. Phonics and handwriting are systematically taught in infants. Reading skills are carefully developed through the school. In order to advance this work further, there is a need to review the approach adopted in the reading lesson generally, to facilitate greater engagement by the pupils. Additionally, a greater emphasis on poetry and a structured approach to writing genres are recommended.

Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Bhéarla go maith ar an iomlán le scóp chun forbartha i ngnéithe áirithe. Múintear fónaic agus an pheannaireacht go córasach sna naíonáin. Forbraítear na scileanna léitheoireachta go cúramach tríd an scoil. Chun tógáil ar an obair seo tá gá le hathbhreithniú ar an gcur chuige atá in úsáid i gcoitinne sa rang léitheoireachta, chun breis rannpháirtíochta a chothú i measc na leanaí. Chomh maith leis sin, moltar béim níos mó a leagan ar an bhfilíocht agus cur chuige struchtúrtha a chur i bhfeidhm do na seánraí scríbhneoireachta.

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Mhatamaitic lag ach tá fianaise ann go bhfuil méid áirithe samplaí dea-chleachtas le fáil. On anailís atá déanta ar na trialacha caighdeánacha atá le fáil, tugtar le fios go bhfuil an caighdeán sa Mhatamaitic ar an iomlán faoi bhun an mheáin. Tá sé den riachtanas go riarfaí na trialacha seo le gach dalta incháilithe, go ndéanfaí anailís críochnúil ar na torthaí agus na hanailísí seo a chur san áireamh i gcomhthéacs na féinmheastóireachta ar an uimhearthacht sa scoil. Áit ar tugadh dea-chleachtas faoi deara agus cleachtas den scoth uaireanta, bhí béim ar straitéisí a leithéid *Mata sa Rang*, dea-úsáid fearais agus TEC, cluichí do mhata meabhrach agus úsáid mhaith na timpeallachta.
- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sna hAmharcealaíona go maith i gcoitinne. Tugtar eipéiris sách leathan do na daltaí a chuimsíonn snáitheanna éagsúla an churaclaim. I rith an mheasúnaithe breathnaíodh saothar cruthaitheach na ndaltaí i ngnéithe den churaclam, a leithéid mionsamhlacha lánléargais, péinteáil agus dath, scáthchruthanna agus obair i gcré.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá cáilíocht an tsoláthair do dhaltaí le riachtanais fhoghlama cuibheasach. Léiríonn an bheirt oide tacaíochta spreagúlacht, cineáltas agus tiomantas sa chaoi ina bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na ndaltaí. Cuirtear pleananna cuí ar fáil do gach dalta a fhaigheann tacaíocht agus roinntear na pleananna seo leis na hoidí sna ranganna príomhshrutha. D'fhéadfaí na pleananna seo a fheabhsú trí ailíniú níos dlúithe a chruthú le moltaí ó

phroifisiúnaigh sheachtracha, spriocanna intomhaiste a shainaithe, measúnú leanúnach ar an dul chun cinn agus trí thaifid stairiúla a choimeád ar na tacaíochtaí tugtha do dhaltaí.

Foilsithe Nollaig 2014

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Glacann an Bord Bainistíochta le cinntí na meastóireachta agus tacaíonn le dul chun cinn chun na moltaí a chomhlíonadh.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

San achar ghearr ón MSU seo iad na feabhais atá déanta.:

Tá traenáil eagraithe ag an mBord Bainistíochta leis an CPSMA.

Tá an scoil ag fáil comhairle ó bhall den PDST molta ag Láthair Oideachais an Chláir chun feinmheastóireacht na scoile a thabhairt chun cinn. Feictear an riachtanas go ndéanfar nósanna éifeachta pleanála agus feinmheastóireachta a leabú i gcleachtas na scoile. Táimid ag díriú isteach ar seo i láthair na huair le díograis agus le dúthracht.

Ghlac an Bord Bainistíochta go foirmiúil leis na céimeanna éagsúla le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i scoileanna larbhunscoile. Tá na riachtanaisí ar leith á gcomhlíonadh maidir leis an proiseas Caomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus larbhunscoileanna. Cuireadh na treoirlínte seo faoi bhráid Bord Bainistíochta, foireann agus tuistí na scoile. Chinntigh an Bord Bainistíochta go dtuigeann foireann na scoile an próiseas agus a oibleagáidí. Tá DCA agus LDCA roghnaithe de réir na riachtanaisí atá leagtha amach sna treoirlínte agus le feiscint sa halla do aon duine gur mhian leo é a léamh.

Tá an scoil anois ag déanamh athbhreithniú ar pholasaí riachtanais speisialta foghlama agus ag cloí le ciorclán 02/05. Tá atheagrú déanta ar an tsoláthar a dhéantar do dhaltaí le riachtanais foghlama.

Tá leas á bhaint as réimse níos leithne de mhodheolaíochtaí tarraingteacha chun tacú leis an dteagasc agus leis an bhfoghlaim. Tá bord bán idirghníomhach nua i ngach seomra ranga.

Tá an suíomh idirlín nua ag obair chun tuismitheoirí a choimeád ar an eolas. Téann téacsanna agus nuacht litreacha amach tré chóras Aladdin agus cóipeanna crua nuair is gá.

Tá feabhas tagtha ar labhairt na Gaeilge le dhá mhí anuas. Deineadh athbhreithniú ar an gcur chuige agus ar na pleannana eagsúla atá ar bun sa scoil.

Ta sé ar intinn againn leanúint leis an dea chleachtas atá faoi lán tseoil ar fúd na scoile. Tabharfar aire ar leith sa scoil bhliain atá amach romhainn ar na moltaí a tháinig as an MSU.